An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

# Department of Public Expenditure and Reform

## Statement of Strategy
## 2021-2023



# Department of Public Expenditure and Reform
# Statement of Strategy 2021-2023

## Our Mission

To serve the public interest through sound governance of public expenditure and by leading and enabling reform across the Civil and Public Service

## Our Strategic Goals

**1.** To manage public expenditure at sustainable levels in a planned, balanced and evidence informed manner, in order to support Ireland's economic, social and climate goals

**2.** To drive reform and innovation across the Civil and Public Service to improve service delivery to the public, and to enhance strategic policy making and public governance structures

## Our Values

We will serve the public interest with openness, transparency and accountability

We will uphold integrity, equality, independence and professionalism

We will embrace responsiveness, innovation and social responsibility in how we work

We will continue to commit to a culture of continuous learning, respect and inclusive leadership

## Our Planned Outcomes

A sustainable, credible public expenditure framework

Reforms that support excellence in public service delivery, strategic policy making and public governance structures

An organisation that values its staff and has a positive and collaborative working environment

# Strategic Context 2021-2023

The strategic context in which the Department operates is shaped by a number of key factors:

- The priorities of the Minister for Public Expenditure and Reform and relevant commitments in the Programme for Government;
- The challenges we face due to the Covid-19 pandemic in terms of its impact on public expenditure, the economy and society, and also its impact on the workplace and workforce across the Civil and Public Service, including our own Department and our staff;
- Active engagement with the European Union and other international organisations on emerging priorities, notably the green and digital agendas and the response to Brexit and Covid-19, reflecting the Department's growing EU footprint, while deepening our relationship with the UK post-Brexit and fostering North South relations;
- The step up in ambition at EU and national level with associated commitments and targets on climate action and the transition to a low carbon economy, impacting on all sectors of Government and our economy;
- Issues relating to the overall management of public expenditure, including: the implications of Covid-19; spending pressures and the sustainability of expenditure trends, and the overall position of the public finances; risks to the fiscal position; and the impact of demographic and other developments;
- The need for ongoing reform of the public investment management system, including the updated Public Spending Code to improve project appraisal, selection, planning and management and for a new approach to governance for major infrastructure projects, and the progressive refinement of the Capital Works Management Framework;
- The delivery of the next phases of Civil Service Renewal and Public Service Reform, including the continued implementation of the Public Service Innovation Strategy, digital government, procurement and people related reforms, with particular focus on shared and user-driven solutions and the workforce, workplace and organisation of the future;
- The Department's significant and growing role in service delivery to other public bodies, which now involves several Divisions; and
- The need to continue to have effective relationships with: the Department of Finance to ensure sound public finances and an integrated fiscal policy; all Departments to drive a culture of collaboration and evidence-informed policy making and implementation; the Oireachtas and its Committees to facilitate their role in democratic accountability and oversight; and the bodies under our aegis to support effective engagement and delivery.

# Strategic Goals and Actions 2021-2023

**Strategic Goal One: To manage public expenditure at sustainable levels in a planned, balanced and evidence informed manner, in order to support Ireland's economic, social and climate goals, we will:**

## Development and Implementation of Policy

- Produce multi-annual Estimates and Expenditure Statements that meet Government objectives, EU commitments and support economic, social and climate-related progress, in keeping with the requirement to return to a broadly balanced budget over the medium term;
- Monitor and scrutinise voted expenditure outturns and trends during the year, in order to inform and shape policy responses;
- Strengthen structures and processes that underpin sustainable, well-targeted medium-term expenditure growth, and that support trust in the Department's ability to deliver on our Mission;
- Mainstream budgetary reforms to promote certainty and discipline regarding the level and broad composition of public expenditure over the medium term and to enhance the quality, policy relevance and impact of performance information, including with regard to equality, climate and well-being, while facilitating engagement with, and responsiveness to, key stakeholders including Oireachtas members and Committees;
- Through the Irish Government Economic and Evaluation Service, drive capacity building for evidence informed policy making in the Civil Service and continually develop the evidence informed and data driven approach to expenditure policy formulation;
- Review the National Development Plan, and oversee its effective implementation, to promote achievement of strategic investment priorities and alignment with the National Planning Framework as part of Project Ireland 2040;
- Manage public service pay and pension costs on a fiscally sustainable basis within a stable industrial relations framework and continue to support the effective administration of the Single Pension Scheme;
- Address the challenges posed by Brexit across the economy and the Civil and Public Service, as well as the areas of EU policy for which the Department has specific responsibility; and
- Maximise the benefit to Ireland from European Funds and promote North-South co-operation, including through PEACE PLUS.

# Strategic Goals and Actions 2021-2023

**Strategic Goal Two: To drive reform and innovation across the Civil and Public Service to improve services to our public, and to enhance strategic policy making and public governance structures, we will:**

## Development and Implementation of Policy

- Lead the development of the next phase of Public Service Reform, Our Public Service 2030, to deliver better outcomes for the public, achieve the vision established in the Public Service Innovation Strategy, build effective organisations and enhance the culture of evaluation in public services;
- Lead the development and implementation of Civil Service Renewal 2030, to deliver better outcomes for the public, by harnessing digital technology and innovation, building the Civil Service workforce, workplace and organisation of the future and delivering evidence informed policy and services;
- Promote and support open, accountable and transparent government and public administration and good governance in the Public Service;
- Lead and support the development and implementation of a new Civil Service People Strategy, which reflects the workplace transformation that has taken place as a result of Covid-19 and challenges traditional ways of working to support business continuity and effectiveness into the future;
- Implement projects to strengthen HR service delivery across the Civil Service including the HR Operating Model and the HR Centre of Expertise;
- Drive the implementation of the Public Service ICT and eGovernment Strategies, the Public Service Data Strategy and the Data Sharing and Governance Act, and the GovTech report;
- Develop a Digital Strategy for the Public Service which will chart the future direction for digital government services; and
- Lead the Procurement Reform Programme to enable better, sustainable and transparent public procurement.

## Service Delivery

- Deliver effective and efficient common ICT services to relevant public bodies as part of the Build to Share programme and use the OGCIO Vote to support the sustainable development and delivery of services;
- Ensure oversight, value for money and evidence informed prioritisation of learning solutions by OneLearning; and
- Shape the future of public procurement to deliver long-term value for the public through high-quality procurement services, guidance, advice and training.

# Actions to enable the Department to fulfil its mission

To complement the actions set out on the previous two pages, we will:

- Implement this Statement of Strategy to reflect the public expenditure and reform priorities of the Government and to provide a high quality service to the Minister, the Government and the Oireachtas;
- Leverage our Health and Wellbeing Strategy to foster employee engagement and wellbeing, and design and implement our medium-term HR Strategy to champion an inclusive and diverse workforce, enhance our framework for succession planning and talent management, and strengthen our internal capacity and capability;
- Continually enhance the Department's governance, risk management and compliance framework and provide a high quality of corporate support, and implement effective financial management and procurement arrangements for the Department;
- Manage the Department's response to the Covid and post-Covid landscape in a professional and agile manner, through putting our people first and robust business continuity planning to meet business needs; and
- Improving data and knowledge management and undertake initiatives to enhance collaboration across our Department and with stakeholders across the Civil and Public Service.

# Our Values

In fulfilling our mission and delivering on our strategic goals and actions, we will:

- Serve the public interest by keeping openness, transparency and accountability at the heart of what we do;
- Uphold integrity, equality, independence and professionalism;
- Embrace responsiveness, innovation and social responsibility in how we work;
- Continue to commit to a culture of continuous learning and professional development, respect and inclusive leadership; and
- Treat colleagues and those to whom we provide services equitably, in keeping with our Public Sector Human Rights and Equality obligations.

# Our Planned Outcomes

By implementing this Statement of Strategy, we plan to achieve the following outcomes:

**Policy Outcomes**

- A strong contribution by the Department to whole-of-Government policies;
- A sustainable, credible public expenditure framework;
- Management of Public Service pay and pensions on a fiscally sustainable basis;
- Reforms that support excellence in public service delivery and strategic policy making;
- A better experience for service users when transacting with government, particularly when transacting digitally; and
- More accountable and transparent administrative structures, which help to build greater public trust.

**Organisational Outcomes**

- Engaged staff and a positive and collaborative working environment; and
- Effective and efficient service delivery to relevant public bodies.

# Our Programme for Government Commitments

The commitments in the Programme for Government for which the Department has responsibility are available here.

An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Ráiteas Straitéise
## 2021-2023



# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
# Ráiteas Straitéise 2021-2023

## Ár Misean

Freastal ar leas an phobail trí rialachas fónta caiteachais phoiblí agus trí athchóiriú a threorú agus a chumasú ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí

## Ár gCuspóirí Straitéiseacha

**1.** Caiteachas poiblí a bhainistiú ag leibhéil inbhuanaithe ar bhealach pleanáilte, cothrom agus fianaisebhunaithe, chun tacú le cuspóirí geilleagracha, sóisialta agus aeráide na hÉireann

**2.** Athchóiriú agus nuálaíocht a spreagadh ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun soláthar seirbhíse don phobal a fheabhsú, agus chun struchtúir ceaptha beartais agus rialachais phoiblí a fheabhsú

## Ár Luachanna

Freastalóimid ar leas an phobail ar bhealach atá oscailte, trédhearcach agus cuntasach
Seasfaimid le macántacht, comhionannas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht
Cuirfimid freagrúlacht, nuálaíocht agus freagracht shóisialta san áireamh inár modh oibre
Leanfaimid orainn ag tacú le cultúr d'fhoghlaim leanúnach, meas agus ceannaireacht ionchuimsitheach

## Ár dTorthaí Beartaithe

Creat caiteachais phoiblí inbhuanaithe, inchreidte
Athchóirithe a thacaíonn le barr feabhais i soláthar seirbhíse poiblí, ceapadh beartais straitéiseach agus struchtúir rialachais phoiblí
Eagraíocht ag a bhfuil luach ar a foireann oibre agus ina bhfuil timpeallacht oibre dearfach agus comhoibríoch

# Comhthéacs Straitéiseach 2021-2023

Tá an comhthéacs straitéiseach ina bhfuil an Roinn ag feidhmiú bunaithe ar roinnt príomhfhachtóirí:

- Tosaíochtaí an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tiomantais ábhartha i gClár an Rialtais;
- Na dúshláin atá le sárú againn mar thoradh ar phaindéim Covid-19 chomh fada is a bhaineann leis an tionchar atá ag an bpaindéim ar chaiteachas poiblí, an geilleagar agus an tsochaí, agus chomh maith leis sin an tionchar atá ag an bpaindéim ar an ionad oibre agus ar an bhfoireann oibre sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, lena n-áirítear ár Roinn féin agus ár bhfoireann féin;
- Rannpháirtíocht ghníomhach leis an Aontas Eorpach agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile maidir le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, go háirithe na cláir oibre glasa agus digiteacha agus an fhreagairt do Bhreatimeacht agus Covid-19, fianaise ar lorg AE na Roinne a bheith ag dul i méid, agus ag an am céanna cur lenár gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe i ndiaidh Breatimeachta agus caidreamh Thuaidh Theas a chothú;
- Uaillmhian mhéadaithe ag leibhéal AE agus náisiúnta le tiomantais agus spriocanna gaolmhara maidir le gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, ag a bhfuil tionchar ar gach earnáil den Rialtas agus dár ngeilleagar;
- Saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht fhoriomlán an chaiteachais phoiblí, lena n-áirítear: impleachtaí Covid-19; brú caiteachais agus inbhuanaitheacht treochtaí caiteachais, agus seasamh foriomlán an airgeadais phoiblí; rioscaí a bhaineann leis an seasamh fioscach; agus tionchar forbairtí déimeagrafacha agus forbairtí eile;
- An gá atá le hathchóiriú leanúnach an chórais bainistíochta infheistíochta poiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe chun breithmheas, pleanáil agus bainistíocht tionscadal a fheabhsú agus chun tairbhe a bhaint as cur chuige nua i ndáil le rialachas do mhórthionscadail infreastruchtúir, agus mionleasú forásach Chreat Bainistíochta na nOibreacha Caipitiúla;
- Seachadadh na gcéad chéimeanna eile d'Athnuachan na Státseirbhíse agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear cur chun feidhme leanúnach Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, ríomhsheirbhísí rialtais, soláthar agus athchóirithe a bhaineann le daoine, le béim faoi leith ar réitigh chomhroinnte agus faoi thionchar daoine agus lucht oibre, ionad oibre agus eagraíocht na todhchaí;
- Ról suntasach agus méadaithe na Roinne i soláthar seirbhíse do chomhlachtaí poiblí eile, a bhfuil roinnt Rannán páirteach inti anois; agus
- An gá atá le leanúint le caidreamh éifeachtach le: an Roinn Airgeadais chun airgead poiblí fónta agus beartas fioscach comhtháite a chinntiú; gach Roinn chun dlús a chur le cultúr comhoibrithe agus ceapadh beartais agus cur chun feidhme fianaisebhunaithe; an tOireachtas agus a Choistí chun a ról i gcuntasacht agus maoirseacht dhaonlathach a éascú; agus na comhlachtaí faoinár gcoimirce chun tacú le rannpháirtíocht agus seachadadh éifeachtach.

## Cuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha 2021-2023

**Cuspóir Straitéiseach a hAon:** Chun caiteachas poiblí a bhainistiú ag leibhéil inbhuanaithe ar bhealach pleanáilte, cothrom agus fianaisebhunaithe, chun tacú le cuspóirí geilleagracha, sóisialta agus aeráide na hÉireann, déanfaimid an méid seo a leanas:

### Forbairt agus Cur Chun Feidhme Beartais

- Meastacháin agus Ráitis Chaiteachais ilbhliantúla a tháirgeadh a chomhlíonann cuspóirí Rialtais, gealltanais AE agus a thacaíonn le dul chun cinn geilleagrach, sóisialta agus bainteach leis an aeráid, ag cloí leis an gceanglas buiséad atá cothrom tríd is tríd a sholáthar sa mheántéarma;

- Monatóireacht agus grinnscrúdú a dhéanamh ar thorthaí agus ar threochtaí caiteachais vótáilte i rith na bliana, chun eolas a chur ar fáil do fhreagairtí beartais agus chun na freagairtí sin a mhúnlú;

- Na struchtúir agus na próisis a thacaíonn le fás caiteachais inbhuanaithe, spriocdhírithe go héifeachtach sa mheántéarma a neartú, agus a thacaíonn le hiontaoibh i gcumas na Roinne a Misean a chur i gcrích;

- Athchóirithe buiséid a phríomhshruthú chun cinnteacht agus disciplín maidir le leibhéal agus comhdhéanamh ginearálta caiteachais phoiblí sa mheántéarma a chur chun cinn agus caighdeán, ábharthacht beartais agus tionchar na faisnéise feidhmíochta a fheabhsú, lena n-áirítear i ndáil le comhionannas, aeráid agus folláine, agus ag an am céanna rannpháirtíocht le, agus freagrúlacht do, príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear comhaltaí den Oireachtas agus Coistí a éascú;

- Trí Sheirbhís Gheilleagrach agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann, dlús a chur le forbairt acmhainne le haghaidh ceapadh beartais fianaisebhunaithe sa Státseirbhís agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar an gcur chuige fianaisebhunaithe agus de réir sonraí i ndáil le ceapadh beartais chaiteachais;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme éifeachtach, gnóthachtáil tosaíochtaí straitéiseacha infheistíochta a chur chun cinn agus ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála mar chuid de Thionscadal Éireann 2040;

- Costais pá agus pinsin seirbhíse poiblí a bhainistiú ar bhonn atá inbhuanaithe go fioscach laistigh de chreat cobhsaí caidrimh thionsclaíoch agus leanúint ag tacú le riarachán éifeachtach na Scéime Pinsin Aonair;

- Déileáil leis na dúshláin a chruthaíonn Breatimeacht sa gheilleagar agus sa tSeirbhís Phoiblí trí chéile, mar aon le réimsí bheartas an AE a bhfuil freagracht shonrach ar an Roinn astu; agus

- An méid tairbhe a bhainfidh Éire as Cistí Eorpacha a uasmhéadú agus comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn, lena n-áirítear trí PEACE PLUS.

# Cuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha 2021-2023

**Cuspóir Straitéiseach a Dó:** Chun athchóiriú agus nuálaíocht a spreagadh ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun seirbhísí don phobal a fheabhsú, agus chun struchtúir straitéiseacha ceaptha beartais agus rialachais phoiblí a fheabhsú, déanfaimid an méid seo a leanas:

**Forbairt agus Cur Chun Feidhme Beartais**

- Forbairt na chéad chéime eile d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Ár Seirbhís Phoiblí 2030, a threorú chun torthaí níos fearr a sholáthar don phobal, an fhís atá bunaithe i Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí a chomhlíonadh, eagraíochtaí éifeachtacha a fhorbairt agus an cultúr meastóireachta i seirbhísí poiblí a fheabhsú;
- Forbairt agus cur chun feidhme Athnuachan na Státseirbhíse 2030 a threorú, chun torthaí níos fearr a sholáthar don phobal, trí leas a bhaint as teicneolaíocht agus nuálaíocht dhigiteach, cur le foireann oibre na Státseirbhíse, ionad oibre agus eagraíocht na todhchaí agus beartais agus seirbhísí fianaisebhunaithe a sholáthar;
- Rialtas oscailte, cuntasach agus trédhearcach agus riarachán poiblí agus dea-rialachas a chur chun cinn sa tSeirbhís Phoiblí;
- Forbairt agus cur chun feidhme straitéis nua, Straitéis Daoine na Státseirbhíse, ina léirítear an t-athrú atá tagtha ar an ionad oibre mar thoradh ar Covid-19 agus ina dtugtar dúshlán bealaí traidisiúnta oibre chun tacú le leanúnachas agus le héifeachtacht gnó amach anseo;
- Tionscadail a chur chun feidhme chun soláthar seirbhíse AD ar fud na Státseirbhíse a neartú lena n-áirítear an tSamhail Oibriúcháin AE agus an tIonad Saineolais AD;
- Dlús a chur le cur chun feidhme Straitéisí TFC agus Ríomhsheirbhísí Rialtais, Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí agus an tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, agus tuarascáil GovTech;
- Straitéis Dhigiteach don tSeirbhís Phoiblí ina sonrófar an treo a rachaidh seirbhísí digiteacha rialtais amach anseo; agus
- An Clár Athchóirithe Soláthair a threorú chun soláthar poiblí níos fearr, inbhuanaithe agus trédhearcach a chumasú.

**Soláthar Seirbhíse**

- Seirbhísí coiteanna éifeachtacha agus éifeachtúla a sholáthar do chomhlachtaí poiblí mar chuid den chlár Tógáil le Roinnt agus úsáid a bhaint as Vóta Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais chun tacú le forbairt inbhuanaithe agus soláthar seirbhísí;
- Maoirseacht, luach ar airgead agus beartú tosaíochta fianaisebhunaithe réiteach foghlama ó OneLearning a áirithiú; agus
- Todhchaí an tsoláthair phoiblí a mhúnlú chun luach fadtéarmach a sholáthar don phobal trí sheirbhísí soláthair, treoir, comhairle agus oiliúint ar ardchaighdeán.

## Gníomhartha chun an Roinn a chumasú lena misean a chomhlíonadh

Chun cur leis na gníomhartha atá sonraithe ar an dá leathanach roimhe seo, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Cuirfear an Ráiteas Straitéise seo chun feidhme chun léargas a thabhairt ar thosaíochtaí caiteachais phoiblí agus athchóirithe an Rialtais agus chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar don Aire, don Rialtas agus don Oireachtas;
- Treiseofar ár Straitéis Sláinte agus Folláine chun rannpháirtíocht agus folláine fostaithe a chothú, agus dearfar agus cuirfear chun feidhme ár Straitéis AD mheántéarmach chun tacú le foireann oibre ionchuimsitheach agus éagsúil, ár gcreat le haghaidh pleanáil comharbais agus bainistíocht talainne a fheabhsú, agus ár n-acmhainn agus ár gcumas inmheánach a neartú;
- Cuirfear feabhas leanúnach ar chreat rialachais, bainistíochta riosca agus comhlíontachta na Roinne agus soláthrófar tacaíocht chorparáideach ar ardchaighdeán, agus cuirfear chun feidhme socruithe éifeachtacha bainistíochta agus soláthair airgeadais don Roinn;
- Bainisteofar freagairt na Roinne don saol i rith ré Covid agus i ndiaidh ré Covid ar bhealach gairmiúil agus sofhreagrúil, trí thús áite a thabhairt do dhaoine agus pleanáil leanúnachais ghnó láidir chun ár riachtanais ghnó a chomhlíonadh; agus
- Feabhsófar bainistíocht sonraí agus eolais agus tabharfar faoi thionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo comhoibriú a fheabhsú ar fud na Roinne agus le páirtithe leasmhara ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí.

## Ár Luachanna

Nuair a bheidh ár misean á chomhlíonadh againn agus ár gcuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha á gcur i gcrích againn, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Freastalóimid ar leas an phobail trína chinntiú go bhfuil oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht ag croílár ár gcuid oibre;
- Seasfaimid le macántacht, comhionannas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht;
- Cuirfimid freagrúlacht, nuálaíocht agus freagracht shóisialta san áireamh inár modh oibre;
- Leanfaimid orainn ag tacú le cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus forbairt ghairmiúil, meas agus ceannaireacht ionchuimsitheach; agus
- Caithfimid le comhghleacaithe agus le daoine a bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil againn dóibh go cothrom, ag teacht le hoibleagáidí Chearta Daonna agus Chomhionannas na hEarnála Poiblí.

# Ár dTorthaí Beartaithe

Tríd an Ráiteas Straitéise seo a chur chun feidhme, tá sé beartaithe againn na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

**Torthaí Beartais**

- Ionchur suntasach ón Roinn i mbeartais uile-Rialtais;
- Creat caiteachais phoiblí inbhuanaithe, inchreidte;
- Pá agus pinsin Seirbhíse Poiblí a bhainistiú ar bhonn atá inbhuanaithe go fioscach;
- Athchóirithe a thacaíonn le barr feabhais i soláthar seirbhísí poiblí agus i gceapadh beartais straitéiseach;
- Eispéireas níos fearr d'úsáideoirí seirbhíse nuair a bhíonn úsáid á baint acu as seirbhísí rialtais, go háirithe seirbhísí digiteacha; agus
- Struchtúir riaracháin atá níos cuntasaí agus níos trédhearcaí, a chabhraíonn le hiontaoibh phoiblí níos fearr a fhorbairt.

**Torthaí Eagraíochtúla**

- Foireann a bhfuil spéis acu ina gcuid oibre agus timpeallacht chomhoibríoch oibre; agus
- Soláthar seirbhíse éifeachtach agus éifeachtúil do chomhlachtaí poiblí ábhartha.

# Ár nGealltanais i gClár an Rialtais

Tá na gealltanais i gClár an Rialtais a bhfuil an Roinn freagrach astu le fáil anseo.